

# Oifigeach Cléireachais – Gearáin agus Comhlíonadh um Fhíseán ar éileamh agus um Chraoltóireacht

Grád an Oifigh Chléireachais

An Fhoireann um Ghearáin agus Comhlíonadh  
um Fhíseán ar éileamh agus um Chraoltóireacht

Pacáiste Faisnéise Iarratasóra



A Iarratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú sa ról Oifigeach Cléireachais um Ghearáin agus Comhlíonadh um Fhíseán ar Éileamh agus um Chraoltóireacht

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an ar fud an Aontais Eorpaigh.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 300 inár gcéad trí bliana. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: eamálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá áthas orainn a bheith ag earcú d'Oifigeach Cléireachais Craoltóireachta, Ceadúnúcháin & Físeáin ar Éileamh. Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Cuideofar lenár spriocanna a chinntiú, i dtaobh thírdhreach na meán, go ndéanfar:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaíochais
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochoaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfaimis duit iarratas a dhéanamh.

**Is mise le meas,  
Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEville, John Evans

# Ár bhFís agus ár Misean



Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.




Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

## Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha



## Ár Luachanna



# Eolas Faoin Ról Seo

## Cuspóir an Róil

Is é cuspóir an róil seo tacaíocht riaracháin agus chléireachais a chur ar fáil don fhoireann um Ghearáin agus Comhlíonadh um Fhíseán ar éileamh agus um Chraoltóireacht laistigh de rannán Tírdhreacha na Meán. Is éard atá i gceist leis an ról taifid agus doiciméid a choinneáil, comhfhreagras a phróiseáil, freagra a thabhairt ar ghnáthcheisteanna, agus cabhrú le comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí láimhseála gearán agus comhlíonta. Tacaíonn an ról le hoibriú éifeachtach laethúil na foirne trína chinntiú go bhfuil an fhaisnéis cruinn, cothrom le dáta, agus go láimhseáiltear í go tráthúil, agus tacaíocht ghairmiúil á cur ar fáil ag an am céanna do pháirtithe leasmhara ar fud an phobail, na tionsclaíochta, na sochaí sibhialta agus an Rialtais.

## Maidir leis an bhFoireann/Rannóg

Tá an tAonad um Ghearáin agus Comhlíonadh um Fhíseán ar éileamh agus um Chraoltóireacht suite laistigh den Rannán Tírdhreacha Meán agus tá sé freagrach as rialáil agus maoirseacht a dhéanamh ar Sheirbhísí Meán in Éirinn. Tugann an fhoireann faoi raon leathan gníomhaíochtaí rialála agus maoirseachta, lena n-áirítear monatóireacht ar chomhlíonadh, maoirseacht inrochtaineachta, cur i bhfeidhm oibleagáidí reachtúla, tuairisciú rialála, agus rannpháirtíocht leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara eile. Bainistíonn an t-aonad gearáin a bhaineann le hábhar craolta agus ar éileamh freisin. Trí na feidhmeanna seo tacaíonn an t-aonad le timpeallacht meán éagsúil, inrochtana agus iontaoifa do lucht féachana in Éirinn.

## Príomhfhreagrachtaí

- Tacú leis an bhfoireann níos leithne trí dhoiciméadacht a bhailíochtú agus cúnamh riaracháin riachtanach a sholáthar ar fud tionscadail éagsúla.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chlársceidealú beo chun a chinntiú go bhfuil sé ag cloí le riachtanais inrochtaineachta.
- Faisnéis ábhartha chruinn a thuairisciú go tráthúil do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.



Coimisiún  
na Meán

# Príomhfhreagrachtaí (ar lean)

- Taifid agus comhaid chruinne a choinneáil de réir na mbeartas agus na nósanna imeachta ábhartha.
- Cruinnithe a sceidealú agus a chomhordú chomh maith le nótaí agus taifid cruinnithe a thógáil.
- Obair chléireachais, riaracháin agus tacaíochta eile de réir mar is gá.

**Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.**

## Eolas Fút

### Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

#### Critéir Riachtanacha

- Taithí ábhartha chléireachais, riaracháin nó seirbhíse do chustaiméirí.
- Scileanna láidre cumarsáide scríofa.
- Cumas láidir idirphearsanta agus cumas chun oibriú as a stuaim féin.
- Aird láidir ar mhionsonraí.
- Inniúlacht i bhfeidhmchláir Microsoft Office.
- Cumas oibriú go héifeachtach mar chuid d'fhoireann.
- Toilteanas eolas agus saineolas a fhoghlaim agus a fhorbairt.

#### Critéir Inmhianaithe

- Leas i rialáil na meán agus/nó in inrochtaineacht.
- Taithí roimhe seo ag obair i dtimpeallacht rialáilte, san earnáil phoiblí nó i dtimpeallacht atá dírithe ar chustaiméirí.



# Príomhfhaisnéis

## Sochair, Pacáiste & Pá

- Cuirtear an post seo ar fáil ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 22 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról ina mbeidh meascán d'obair sa bhaile agus san oifig. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ár suíomh gréasáin [anseo](#) le haghaidh liosta iomlán sochar
- Tá an post seo grádaithe ag an [scála](#) Oifigigh Cléireachais.
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad pointe den scála

## Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir na nithe seo a leanas isteach:

- CV (uas 2 leathanach) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (uas 1 leathanach) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist trí [ANSEO](#)
- Tá ceapachán ar an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilítear le gach post go mbeadh cónaí ar iarrthóirí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiáimh ón bpróiseas

Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a chuirtear in iúl thuas.

Má tá ceisteanna agat a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le [cnam@cpl.ie](mailto:cnam@cpl.ie).

## Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hinniúlachtaí, téigh chuig ár [gceisteanna coitianta](#).

Obair Foirme

Bainistíocht / Próiseáil Eolais

Torthaí a Sheachadadh

Scileanna Seirbhíse do Chustaiméirí agus Cumarsáide

Saineolas, Oilteacht agus Féinforbairt

Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí



Muinín



Iarmhairt



Misneach



Neamhspleáchas



Dírthe ar dhaoine



Ionracas

# Fógra Príobháideachais

Próiseálann Coimisiún na Meán (An Coimisiún, CnaM, sinne, ár) na sonraí pearsanta a eascraíonn as a fheachtas earcaíochta. Is é CnaM an Rialaitheoir Sonraí, agus is é CPL an Próiseálaí Sonraí a cheapann CnaM chun an próiseas earcaíochta a stiúradh. Is iad sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí - Oifigeach Cosanta Sonraí, Coimisiún na Meán 1 Foirgnimh Shelbourne, Bóthar Shelbourne, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20, Éire.

**Ríomhphost:** [dpo@cnam.ie](mailto:dpo@cnam.ie) **Uimhir Teileafóin:** 01 963 7755

Déanfaidh CnaM na sonraí pearsanta a bhailítear le linn an phróisis earcaíochta a phróiseáil chun críche athbhreithniú, breithniú agus roghnú na n-iarratas agus chun teagmháil a dhéanamh le hiarratasóirí. Féadfaidh ionadaithe CnaM a bheith ar fhaighteoirí tríú páirtí. Ní aistríonn CnaM sonraí pearsanta lasmuigh den AE ná den LEE.

D'fhéadfadh go n-áireofaí ar bhonn dlíthiúil CNAM chun na sonraí seo a bhailiú agus a phróiseáil:

- Conradh - i gcás inar gá an phróiseáil chun conradh a chomhlíonadh, nó chun bearta a dhéanamh ar iarratas ón ábhar sonraí sula ndéantar conradh

agus/nó

- Toiliú - sa chás go bhfuil toiliú sainráite tugtha agat don phróiseáil (m.sh. socruithe réasúnta)

Stórálfar na sonraí pearsanta a phróiseáiltear go slán. Stórálfar na sonraí seo ar feadh 12 mhí ar a mhéad i gcás nach n-éireoidh le hiarratas.

Tá sé de cheart ag iarratasóirí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí agus aon mhíchruinneas ina gcuid sonraí a cheartú. Chun é seo a dhéanamh, scríobh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí ag an seoladh atá liostaithe thuas. Tá sé de cheart ag iarratasóirí, i gcás inarb iomchuí, a gcuid sonraí a scriosadh agus/nó srian a chur ar phróiseáil a gcuid sonraí. Ina theannta sin, tá sé de cheart ag ábhair sonraí gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Tá ár Ráiteas Cosanta Sonraí iomlán ar fáil anseo: <https://www.cnam.ie/ga/rialachas/cosaint-sonrai-priobhaideachas/raiteas-priobhaideachais>

# An Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcrítéar sonraithe don ról. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí atá ar an ngearrliosta freastal ar agallamh ar bhonn inniúlachtaí a dhéanfar go pearsanta ag ár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

## Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le [amckieman@cnam.ie](mailto:amckieman@cnam.ie)

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go dílis ag an obair.

**Dáta Deiridh: 06 Iúil 2026**

